V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11297 – KKR / INFRACAPITAL / ZENOBE ENERGY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 337/05)

1. An 15 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— KKR & Co. Inc. ('KKR & Co.', na Stáit Aontaithe, agus in éineacht lena fhochuideachtaí, 'KKR'),

— Infracapital Greenfield Partners II SCSp agus Infracapital Greenfield Partners II SCSpA (i dteannta a chéile 'Infracapital', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú M&G Alternatives Investment Management Limited ('MGAIM', an Ríocht Aontaithe),

— Zenobe Energy Limited (an 'Spriocghnóthas', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Infracapital faoi láthair.

Gheobhaidh KKR & Co. agus Infracapital rialú comhpháirteach ar an Spriocghnóthas de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é KKR a thairgeann bainistíocht sócmhainní malartacha mar aon le réitigh magaidh caipitil agus árachais.

— Is gnólacht infheistíochta bonneagair Eorpach é Infracapital.

— Soláthraíonn an Spriocghnóthas réitigh ó dheireadh go deireadh le haghaidh leictriú flít, lena n-áirítear bonneagar athluchtúcháin, athsholáthar ceallraí agus réitigh bogearraí. Ina theannta sin, déanann an Spriocghnóthas córais stórála fuinnimh ceallraí a dhearadh, a mhaoiniú, a thógáil agus a oibriú, agus baineann sé athearraíocht as cadhnraí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11297 – KKR / INFRACAPITAL / ZENOBE ENERGY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË